ATHCHUMRÚ SCOILE
Ceisteanna Coitianta

AN FORAS PÁTRÚNACHTA

Cad is brí le hathchumrú?
Is éard a bhíonn i gceist le hathchumrú ná sainspiorad sainchreidmheach na scoile a athrú go sainspiorad ilchreidmheach.

Cá fhad a leanann an próiséas?
Déantar luas an phróisis a chur in oiriúint don phobal scoile, gan teorainn ama a bheith leis.



Cén tacaíocht a chuirtear ar fáil don Bhord Bainistíochta?
Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Athchumraithe leis *An Foras Pátrúnachta* chun treoir agus comhairle ar fáil.

Cad a bhíonn i gceist leis an bpróiséas?
Tá an próiseas uile bunaithe ar chomhairliúchán le rannpháirtithe éagsúla sa phobal scoile. Bíonn deis eolas a roinnt agus tuairimí a mhalartú maidir le sainspiorad na scoile.

Cé a stiúrann an próiséas?
Bíonn smacht iomlán ag an mBord Bainistíochta ar an bpróiseas. Is é an Bord a fhaomhann an plean gnímh, a threoraíonn na tréimhsí cumarsáide agus a ghlacann aon chinneadh maidir le sainspiorad na scoile.

www.foras.ie 086 - 8596292 sorcha@foras.ie